Eagrán Speisialta *
15 Nollaig 2017

# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán (AE) 2017/2305 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus ar na hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh** ..... 1

★ **Rialachán (AE) 2017/2306 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin** ..... 6

**Ceartúchán**

★ **Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/1566 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le bearta trádála sealadacha uathrialaitheacha a thabhairt isteach don Úcráin lena bhforlíontar na lamháltais trádála atá le fáil faoin gComhaontú Comhlachais** (IO L 254, 30.9.2017) ..... 11

GA

* Faoin tagairt L 335 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

*(Gníomhartha reachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN (AE) 2017/2305 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 12 Nollaig 2017**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a mhéid a bhaineann leis na hathruithe ar na hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach agus ar na hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 177 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Tar éis dóibh dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Is é a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) na rialacha coiteanna agus ginearálta is infheidhme maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 7(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle ([3]) agus le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, rinne an Coimisiún athbhreithniú in 2016 ar leithdháiltí iomlána na mBallstát uile faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post do na blianta 2017 go 2020.

(3) I gcomhréir le hAirteagal 7(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 agus le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, thíolaic an Coimisiún torthaí an athbhreithnithe sin i dteachtaireacht chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa an 30 Meitheamh 2016 maidir leis an gcoigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais do 2017 i gcomhréir le gluaiseachtaí in ollioncam náisiúnta (OIN) agus le coigeartú ar imchlúdaigh beartais chomhtháthaithe. Dúirt an Coimisiún sa teachtaireacht sin go bhfuil éagsúlacht charnach de níos mó ná +/- 5 % ann idir na leithdháiltí iomlána agus na leithdháiltí athbhreithnithe sa Bheilg, i bPoblacht na Seice, sa Danmhairg, san Eastóin, in Éirinn, sa Ghréig, sa Spáinn, sa Chróit, san Iodáil, sa Chipir, san Ísiltír, sa

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 7 Nollaig 2017.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320).

([3]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 ón gComhairle an 2 Nollaig 2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 347, 20.12.2013, lch. 884).

tSlóivéin, sa tSlóvaic, san Fhionlainn, sa tSualainn agus sa Ríocht Aontaithe. Lena chois sin, dúirt an Coimisiún go mbeadh an Chipir, i bhfianaise fhigiúirí OIN per capita na tíre sin don tréimhse 2012-2014, lán-incháilithe do thacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe ón 1 Eanáir 2017 amach.

(4) De réir mar a cheanglaítear le hAirteagal 7(4) agus (5) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 agus le hAirteagal 92(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, tá leithdháiltí na mBallstát sin le coigeartú dá réir sin, ar choinníoll nach mó ná EUR 4 billiún glanéifeacht iomlán na gcoigeartuithe sin.

(5) Sa mhéid gur imir an t-athbhreithniú tionchar ar mhiondealú bliantúil leithdháiltí na n-acmhainní foriomlána in aghaidh an Bhallstáit faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, agus gur imir sé tionchar ar an Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg ("TFAO") chomh maith, cuireadh an t-athbhreithniú sin chun feidhme le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1941 ón gCoimisiún ([1]).

(6) Is é glanéifeacht iomlán na gcoigeartuithe sin EUR 4 billiún a chur leis na hacmhainní do chomhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach. Ba cheart an méadú sin a léiriú in Airteagal 91(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, agus ba cheart an tAirteagal sin a choigeartú dá réir sin.

(7) Ba cheart na hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus leithdháileadh na n-acmhainní sin ar réigiúin bheagfhorbartha, ar réigiúin trasdula, ar réigiúin níos forbartha, ar Bhallstáit a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe, agus ar na réigiúin is forimeallaí, faoi mar a leagtar amach iad in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, a choigeartú dá réir sin.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013, tá na corrlaigh a bheidh fós ar fáil faoi na huasteorainneacha do leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí sa chreat airgeadais ilbhliantúil ("CAI") le bheith ina gCorrlach Foriomlán CAI le haghaidh oibleagáidí, a bheidh le cur ar fáil de bhreis ar na huasteorainneacha a bhunaítear in CAI do na blianta 2016 go 2020 le haghaidh cuspóirí beartais a bhaineann leis an bhfás agus leis an bhfostaíocht, go háirithe an fhostaíocht don aos óg. Baineadh teorannú na gcorrlach a bhí fós ar fáil faoi uasteorainneacha CAI do leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí do na blianta 2014 go 2017 le Rialachán (AE, Euratom) 2017/1123 ón gComhairle ([2]), rud a fhágann go bhféadfar TFAO a shíneadh leis sin go dtí 2020 agus go bhféadfar EUR 1,2 billiún i bpraghsanna reatha a chur leis an leithdháileadh sonrach do TFAO don tréimhse 2017-2020. Ba cheart, dá bhrí sin, an leithdháileadh sonrach do TFAO arna leagan amach in Airteagal 91(1) agus in Airteagal 92(5) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a choigeartú dá réir sin.

(9) I gcomhréir le hAirteagal 94(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013, ghlac an Coimisiún togra a thíolaic an Danmhairg maidir le cuid dá leithreasuithe le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh a aistriú chuig sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post. Ba cheart an t-aistriú sin a léiriú i gcoigeartú ar na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh faoi Airteagal 92(9) den Rialachán sin.

(10) I gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 19(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013, rinneadh EUR 11 216 187 326 i bpraghsanna reatha den leithdháileadh a cuireadh ar fáil do na Cistí Struchtúracha agus don Chiste Comhtháthaithe a aistriú, le Rialachán (AE, Euratom) 2015/623 ón gComhairle ([3]), chuig blianta ina dhiaidh sin. Ba cheart an t-aistriú sin a léiriú in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ina leagtar amach an miondealú bliantúil foriomlán ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí do na blianta 2014 go 2020. Ina theannta sin, rinneadh EUR 9 446 050 652 i bpraghsanna reatha den leithdháileadh a cuireadh ar fáil don Chiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus don Chiste Eorpach Muirí agus Iascaigh, ar suim í nach bhféadfaí a ghealladh in 2014 ná a thabhairt anonn chuig 2015, a aistriú chuig blianta ina dhiaidh sin.

(11) I bhfianaise an ghá atá lena áirithiú go ndéanfar na leithdháiltí breise a cuireadh ar fáil do bhliain buiséid 2017 a ghealladh ó thaobh an airgeadais de, lena n-áirítear trí leasuithe a dhéanamh ar chláir a bhfuil difear á dhéanamh dóibh, measadh gurbh iomchuí foráil a dhéanamh maidir le heisceacht ar an tréimhse 8 seachtaine dá dtagraítear in Airteagal 4 de Phrótacal Uimh. 1 maidir le ról na bparlaimintí náisiúnta san Aontas Eorpach, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus leis an gConradh lena mbunaítear an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach.

---

([1]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1941 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2016 lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme 2014/190/AE lena leagtar amach an miondealú bliantúil ar acmhainní foriomlána in aghaidh an Bhallstáit maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa agus leis an gCiste Comhtháthaithe faoi sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post agus faoi sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh, agus miondealú bliantúil na n-acmhainní ón leithdháileadh sonrach don Tionscnamh Fostaíochta don Aos Óg de réir an Bhallstáit, mar aon le liosta na réigiún atá incháilithe, agus na méideanna atá le haistriú as leithdháiltí gach Ballstáit ón gCiste Comhtháthaithe agus ó na Cistí Struchtúracha chuig an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus chuig cabhair do na daoine is díothaí don tréimhse 2014 -2020 (IO L 299, 5.11.2016, lch. 61).

([2]) Rialachán (AE, Euratom) 2017/1123 ón gComhairle an 20 Meitheamh 2017 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 163, 24.6.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE, Euratom) 2015/623 ón gComhairle an 21 Aibreán 2015 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1311/2013 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014 go 2020 (IO L 103, 22.4.2015, lch. 1).

(12) I bhfianaise na práinne a bhaineann le síneadh na gclár a thacaíonn le TFAO, ba cheart don Rialachán seo teacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 a leasú,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 mar a leanas:

(1) in Airteagal 91, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Is EUR 329 978 401 458, i bpraghsanna 2011, a bheidh sna hacmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bheidh ar fáil le haghaidh gealltanas buiséadach i leith na tréimhse 2014-2020, i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn VI, arb ionann EUR 325 938 694 233 de agus na hacmhainní foriomlána arna leithdháileadh ar CFRE, ar CSE agus ar an gCiste Comhtháthaithe, agus arb ionann EUR 4 039 707 225 de agus leithdháileadh sonrach do TFAO. Ar mhaithe lena gcláreagrú agus lena gcuimsiú ina dhiaidh sin i mbuiséad an Aontais, déanfar méid na n-acmhainní le haghaidh comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a innéacsú de réir 2 % in aghaidh na bliana.";

(2) leasaítear Airteagal 92 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Is é a bheidh sna hacmhainní le haghaidh sprioc na hInfheistíochta le haghaidh fáis agus post 96,09 % de na hacmhainní foriomlána (i.e., EUR 317 103 114 309 ar an iomlán) agus leithdháilfear iad mar a leanas:

(a) 48,64 % (i.e., EUR 160 498 028 177 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin bheagfhorbartha;

(b) 10,19 % (i.e., EUR 33 621 675 154 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin trasdula;

(c) 15,43 % (i.e., EUR 50 914 723 304 ar an iomlán) le haghaidh réigiúin níos forbartha;

(d) 20,01 % (i.e., EUR 66 029 882 135 ar an iomlán) le haghaidh Ballstáit a fhaigheann tacaíocht ón gCiste Comhtháthaithe;

(e) 0,42 % (i.e., EUR 1 378 882 914 ar an iomlán) mar chistiú breise le haghaidh na réigiún is forimeallaí arna sainaithint in Airteagal 349 CFAE agus réigiúin NUTS leibhéal 2 a chomhlíonann na critéir a leagtar síos in Airteagal 2 de Phrótacal Uimh. 6 a ghabhann le hIonstraim Aontachais 1994.";

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 5:

"5. Is é EUR 4 039 707 225 a bheidh sna hacmhainní do TFAO ón leithdháileadh sonrach i leith TFAO agus EUR 4 039 707 225 ar a laghad ó infheistíocht spriocdhírithe CSE.";

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 9:

"9. Is 2,69 % de na hacmhainní foriomlána atá ar fáil le haghaidh an ghealltanais bhuiséadaigh ó na Cistí don tréimhse 2014-2020 (i.e., EUR 8 865 148 841 ar an iomlán) a bheidh sna hacmhainní le haghaidh sprioc an chomhair chríochaigh Eorpaigh.";

(3) cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad Iarscríbhinn VI.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 12 Nollaig 2017.

| | |
|---|---|
| *Thar ceann Pharlaimint na hEorpa* | *Thar ceann na Comhairle* |
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| A. TAJANI | M. MAASIKAS |

*IARSCRÍBHINN*

"*IARSCRÍBHINN VI*

MIONDEALÚ BLIANTÚIL AR LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR OIBLEAGÁIDÍ DO NA BLIANTA 2014 GO 2020

Próifíl bhliantúil choigeartaithe (lena n-áirítear breisiú TFAO)

| | 2014 | 2015 | 2016 | 2017 | 2018 | 2019 | 2020 | Total |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| EUR, praghasanna 2011 | 34 108 069 924 | 55 725 174 682 | 46 044 910 736 | 48 027 317 164 | 48 240 419 297 | 48 712 359 314 | 49 120 150 341 | 329 978 401 458" |

# RIALACHÁN (AE) 2017/2306 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN GCOMHAIRLE

**an 12 Nollaig 2017**

**lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 209(1) agus Airteagal 212(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([1]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Sa Ráiteas comhpháirteach maidir le Beartas Forbartha an Aontais Eorpaigh dar teideal "An Comhdhearcadh Eorpach" ([2]), agus sa Ráiteas comhpháirteach maidir leis "An Comhdhearcadh Eorpach Nua maidir le Forbairt" ([3]), thug an Chomhairle agus ionadaithe rialtais na mBallstát ag teacht le chéile dóibh i dtionól na Comhairle, Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún aitheantas don nasc idir an tslándáil agus an fhorbairt.

(2) I gClár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, clár oibre a glacadh le Rún ó Chomhthionól na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015, cuireadh béim ar an tábhacht a bhaineann le sochaithe síochánta cuimsitheacha a chur chun cinn mar Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFI) 16 agus chun torthaí eile ar bheartas forbartha a bhaint amach. I SFI 16.a iarrtar go sonrach "Go ndéanfaí institiúidí ábhartha náisiúnta a neartú, lena n-áirítear trí bhíthin comhar idirnáisiúnta, d'fhonn acmhainní a fhothú ar gach leibhéal, go háirithe i dtíortha i mbéal forbartha, chun an foréigean a chosc agus chun an sceimhlitheoireacht agus an choireacht a chomhrac".

(3) Is é is cuspóir príomhúil do bheartas forbartha an Aontais an bhochtaineacht a laghdú agus, san fhadtéarma, deireadh a chur léi ar fad.

(4) I Ráiteas an 19 Feabhra 2016 ón gCruinniú Ardleibhéil, rinne Coiste Cúnaimh Forbartha na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (OECD) na treoracha tuairiscithe i ndáil le Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt i réimse na síochána agus na slándála a nuashonrú. Is Cúnamh Oifigiúil um Fhorbairt é an maoiniú a dhéantar ar na gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhréir leis an Rialachán seo nuair a chomhlíonann sé na critéir a leagtar amach sna treoracha tuairiscithe sin nó in aon treoracha tuairiscithe ina dhiaidh sin a mbeidh an Coiste Cúnaimh Forbartha in ann teacht ar chomhaontú ina leith.

(5) Is den riachtanas tacaíocht a thabhairt do ghníomhaithe san earnáil slándála i dtríú tíortha, lena n-áirítear, in imthosca eisceachtúla, an t-arm, i gcomhthéacs coinbhleachtaí a chosc, géarchéimeanna a bhainistiú nó an chobhsaíocht a chothú chun a áirithiú go mbeidh na coinníollacha iomchuí ann chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht ar fad agus chun an fhorbairt a spreagadh. Saintréithe riachtanacha de chuid Stáit dhea-fheidhmiúil, gan beann ar an gcomhthéacs, is ea an dea-rialachas, an rialú daonlathach éifeachtach agus an fhormhaoirseacht shibhialtach ar an gcóras slándála, lena n-áirítear ar an arm, mar aon le comhlíonadh chearta an duine agus phrionsabail an smachta reachta, agus ba cheart na saintréithe sin a chur chun cinn trí thacú le tríú tíortha maidir le hathchóiriú níos leithne ar an earnáil slándála.

(6) Sna conclúidí uaithi an 19-20 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC), chuir an Chomhairle Eorpach béim ar a thábhachtaí atá sé tacú le tíortha comhpháirtíochta agus eagraíochtaí réigiúnacha, trí oiliúint, comhairle, trealamh agus acmhainní a chur ar fáil i gcás inarb iomchuí, ionas gur fearrde de réir a chéile a gcumas géarchéimeanna a chosc nó a bhainistiú ar a gconlán féin.

(7) I dTeachtaireacht Chomhpháirteach uathu an 28 Aibreán 2015 dar teideal "Capacity building in support of security and development — Enabling partners to prevent and manage crisis" (Fothú acmhainní chun tacú le slándáil agus forbairt — Comhpháirtithe a chumasú chun géarchéimeanna a chosc agus a bhainistiú), d'athdheimhnigh an Coimisiún agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála an gá atá le sochaithe atá cobhsaí agus slán a bheith ann d'fhonn cuspóirí forbartha a bhaint amach.

([1]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Samhain 2017 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 7 Nollaig 2017.
([2]) IO C 46, 24.2.2006, lch. 1.
([3]) IO C 210, 30.6.2017, lch. 1.

(8) I gcomhréir le Cur chuige Cuimsitheach an AE agus d'fhonn tionchar, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht na tacaíochta ón AE a uasmhéadú, d'iarr an Chomhairle, sna conclúidí uaithi an 18 Bealtaine 2015 maidir leis an CBSC, ar an gCoimisiún agus ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála creat straitéiseach uile-Aontais a fhorbairt, i gcomhairle leis na Ballstáit, chun tacú le hathchóiriú na hearnála slándála. Leis an gcoincheap beartais sin, tugtar CBSC agus uirlisí ábhartha eile an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES) go léir le chéile, chomh maith le hionstraimí comhair um fhorbairt, agus urramaítear ag an am céanna na bunúis dlí, na cuspóirí bunúsacha agus na nósanna imeachta cinnteoireachta atá acu faoi seach.

(9) Ba cheart fothú acmhainní gníomhaithe míleata i dtríú tíortha a dhéanamh mar chuid de bheartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt nuair a shaothraíonn sé den chuid is mó cuspóirí i réimse na forbartha agus mar chuid de CBSC an Aontais nuair a shaothraíonn sé den chuid is mó cuspóirí i réimse na síochána agus na slándála, i gcomhréir le hAirteagal 40 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Urramaítear leis an Rialachán seo cur i bhfeidhm nósanna imeachta agus méid chumhachtaí na n-institiúidí faoi bheartas an Aontais maidir le comhar um fhorbairt agus faoi CBES an Aontais.

(10) Maidir le cúnamh an Aontais faoin Rialachán seo, d'fhéadfaí soláthar clár maidir le fothú acmhainní chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt a chumhdach leis, lena n-áirítear oiliúint, meantóireacht agus comhairle i ndáil, mar shampla, le cearta an duine, le rialachas agus leis an smacht reachta, le cosaint na mban agus na leanaí, leis an bhfreagairt shibhialtach ar ghéarchéimeanna, le bainistiú acmhainní daonna agus le comhar teicniúil.

(11) Tá an Coimisiún chun dlúthfhaireachán a dhéanamh ar bhearta a dhéantar faoin Rialachán seo. Tá an Coimisiún chun Parlaimint na hEorpa a choinneáil ar an eolas, mar is cuí agus go tráthúil, faoi chur chun feidhme chúnamh an Aontais de bhun an Rialacháin seo. Tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2020, tá an Coimisiún chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar agus ar éifeachtacht na mbeart a dhéantar de bhun an Rialacháin seo agus ar a gcomhleanúnachas le SFI 16. Chuige sin, tá an Coimisiún chun na geallsealbhóirí ábhartha go léir, lena n-áirítear eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus údaráis áitiúla, a chomhlachú sa chéim mheastóireachta, agus é á áirithiú go mbeidh ról fiúntach acu sa phróiseas. I gcás inarb iomchuí, tá an Coimisiún chun meastóireachtaí comhpháirteacha a dhéanamh leis na Ballstáit. Tá na torthaí chun bheith mar bhonn do cheapadh agus do leithdháileadh acmhainní na gclár, agus chun comhsheasmhacht agus comhlántacht ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais a fheabhsú tuilleadh.

(12) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 mar a leanas:

(1) in Airteagal 1, mír 2, cuirtear an fhomhír seo a leanas léi:

"I gcás ina gcuirtear cúnamh an Aontais ar fáil do ghníomhaithe san earnáil slándála, féadfar gníomhaithe míleata a chur san áireamh chomh maith in imthosca eisceachtúla faoi mar a fhoráiltear in Airteagal 3a, i gcomhthéacs próiseas níos leithne athchóirithe na hearnála slándála nó i gcomhthéacs fothú acmhainní chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt i dtríú tíortha, i gcomhréir leis an gcuspóir uileghabhálach, mar atá forbairt inbhuanaithe a bhaint amach.";

(2) cuirtear an tAirteagal seo a leanas isteach:

"*Airteagal 3a*

**Fothú acmhainní na ngníomhaithe míleata chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt**

1. D'fhonn rannchuidiú le forbairt inbhuanaithe a bhfuil sochaithe cobhsaí síochánta cuimsitheacha a bhaint amach ag teastáil lena haghaidh, féadfar cúnamh an Aontais faoin Rialachán seo a úsáid chun acmhainn na ngníomhaithe míleata i dtíortha comhpháirtíochta a fhothú, sna himthosca eisceachtúla faoi mar a leagtar amach i mír 3 iad, chun gníomhaíochtaí forbartha agus slándáil do ghníomhaíochtaí forbartha a sholáthar.

2. Maidir leis an gcúnamh de bhun an Airteagail seo, féadfar a chumhdach leis, go háirithe, soláthar clár maidir le fothú acmhainní chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt, lena n-áirítear oiliúint, meantóireacht agus comhairle, mar aon le soláthar trealaimh, feabhsuithe ar an mbonneagar agus seirbhísí a bhaineann go díreach leis an gcúnamh sin.

([1]) Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus le síocháin (IO L 77, 15.3.2014, lch. 1).

3. Ní chuirfear cúnamh ar fáil de bhun an Airteagail seo ach amháin más rud é:

(a) nach féidir ceanglais a chomhlíonadh trí dhul ar iontaoibh gníomhaithe neamh-mhíleata chun cuspóirí an Aontais faoin Rialachán seo a bhaint amach go leordhóthanach agus go bhfuil institiúidí feidhmiúla Stáit a bheith ann faoi bhagairt nó go bhfuil cosaint chearta an duine agus saoirsí bunúsacha faoi bhagairt agus nach féidir leis na hinstitiúidí stáit déileáil leis an mbagairt sin; agus

(b) go bhfuil comhdhearcadh ann idir an tír chomhpháirtíochta lena mbaineann agus an tAontas go bhfuil an-tábhacht ag baint le gníomhaithe míleata chun na coinníollacha atá ríthábhachtach don fhorbairt inbhuanaithe a chaomhnú, a bhunú nó a athbhunú, lena n-áirítear i ngéarchéimeanna nó i gcomhthéacsanna agus cásanna leochaileacha nó díchobhsaithe.

4. Ní úsáidfear cúnamh an Aontais de bhun an Airteagail seo chun fothú acmhainní do ghníomhaithe míleata a mhaoiniú chun críocha seachas gníomhaíochtaí forbartha agus slándáil do ghníomhaíochtaí forbartha a sholáthar. Go háirithe, ní úsáidfear cúnamh an Aontais chun an méid seo a leanas a mhaoiniú:

(a) caiteachas míleata a thagann chun cinn go tráthrialta;

(b) soláthar arm agus armlón, ná aon trealamh eile a cheaptar chun fórsa marfach a thabhairt;

(c) oiliúint atá ceaptha go sonrach chun cur le hacmhainn troda na bhfórsaí armtha.

5. Nuair atá bearta á gceapadh agus á gcur chun feidhme de bhun an Airteagail seo, déanfaidh an Coimisiún úinéireacht na tíre comhpháirtíochta ar na bearta sin a chur chun cinn. Chomh maith leis sin, forbróidh sé na heilimintí riachtanacha agus na dea-chleachtais is gá chun inbhuanaitheacht sa mheántéarma agus san fhadtéarma a áirithiú agus cuirfidh sé an smacht reachta agus prionsabail sheanbhunaithe an dlí idirnáisiúnta chun cinn.

6. Cuirfidh an Coimisiún ar bun nósanna imeachta iomchuí maidir le measúnú riosca, faireachán agus meastóireacht i dtaca le bearta a dhéanfar de bhun an Airteagail seo.";

(3) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Déanfar cúnamh an Aontais de bhun Airteagal 3, agus de bhun Airteagal 3a de réir mar is iomchuí, a sholáthar trí bhíthin bearta eisceachtúla um chúnamh agus cláir um fhreagairt eatramhach.";

(4) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Is é a bheidh i bpáipéir straitéise téamaí an bunús ginearálta lena gcuirfear chun feidhme cúnamh de bhun Airteagal 4 agus Airteagal 5, agus de bhun Airteagal 3a de réir mar is iomchuí. Soláthrófar leis na páipéir straitéise téamaí creat le haghaidh comhar idir an tAontas agus na tíortha comhpháirtíochta nó na réigiúin chomhpháirtíochta lena mbaineann.";

(5) in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear chun feidhme na bearta a ghlactar faoin Rialachán seo maidir leis an gcomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus na coireachta eagraithe, mar aon leis na bearta a chumhdaítear faoi Airteagal 3a, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an dlí um chearta an duine agus an dlí daonnúil idirnáisiúnta.";

(6) in Airteagal 13, cuirtear an mhír seo a leanas leis:

"4. Cuirfear méid breise is ionann agus EUR 100 000 000 leis an imchlúdach airgeadais dá dtagraítear i mír 1 agus is ar bhearta a thagann faoi Airteagal 3a a leithdháilfear é.".

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 12 Nollaig 2017.

| Thar ceann Pharlaimint na hEorpa | Thar ceann na Comhairle |
|---|---|
| *An tUachtarán* | *An tUachtarán* |
| A. TAJANI | M. MAASIKAS |

**Dearbhú maidir le foinsí cistiúcháin i dtaca le bearta cúnaimh faoi Airteagal 3a de Rialachán (AE) Uimh. 230/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim lena gcuirtear le cobhsaíocht agus leis an tsíocháin**

Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún gur cheart fothú acmhainní chun tacú leis an bhforbairt agus leis an tslándáil don fhorbairt a mhaoiniú faoi Cheannteideal IV den chreat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2014-2020, trí ath-iomlonnuithe, go príomha, agus chomhardú airgeadais i measc na n-ionstraimí ar fad a chaomhnú a mhéid is mó is féidir. Ina theannta sin, gan dochar do shainchumais an údaráis bhuiséadaigh sa nós imeachta buiséadach bliantúil, níor cheart go n-áireofaí in ath-imlonnuithe den sórt sin úsáid a bhaint as leithreasuithe a leithdháiltear ar bhearta faoi Rialachán (AE) Uimh. 223/2014 óPharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2014 lena mbunaítear ionstraim airgeadais maidir le comhar um fhorbairt don tréimhse 2014-2020.

## CEARTÚCHÁN

**Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2017/1566 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2017 maidir le bearta trádála sealadacha uathrialaitheacha a thabhairt isteach don Úcráin lena bhforlíontar na lamháltais trádála atá le fáil faoin gComhaontú Comhlachais**

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 254 Eagrán Speisialta Gaeilge L 254 an 30 Meán Fómhair 2017)*

Ar leathanach 7, Iarscríbhinn II:

*in ionad:*

"*IARSCRÍBHINN II*

**CUÓTAÍ TARAIFE NIALAIS DO NA TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA SONRACHA DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (b) D'AIRTEAGAL1(1)**

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte (AC), is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is leis na cóid AC, de réir mar atá siad an 1 Deireadh Fómhair 2017, atá raon feidhme na scéime fabhraí le cinneadh.

| Táirge | Rangú taraife | Méid an chuóta bhliantúil |
|---|---|---|
| Gnáthchruithneacht, speilt agus maislín, plúr, piocuaran, min agus millíní | 1001 90 99<br>1101 00 15, 1101 00 90<br>1102 90 90<br>1103 11 90, 1103 20 60 | 65 000 tonna/bliain |
| Arbhar Indiach, seachas síolta, plúr, piocuaran, min, millíní agus gránaigh | 1005 90 00<br>1102 20<br>1103 13<br>1103 20 40<br>1104 23 | 625 000 tonna/bliain |
| Eorna, seachas síolta, plúr agus millíní | 1003 90 00<br>1102 90 10<br>ex 1103 20 25 | 325 000 tonna/bliain" |

*léitear:*

"*IARSCRÍBHINN II*

**CUÓTAÍ TARAIFE NIALAIS DO NA TÁIRGÍ TALMHAÍOCHTA SONRACHA DÁ dTAGRAÍTEAR I bPOINTE (b) D'AIRTEAGAL1(1)**

D'ainneoin na rialacha maidir le léirmhíniú na hAinmníochta Comhcheangailte (AC), is ceart a mheas nach bhfuil ach luach táscach san fhoclaíocht atá in úsáid sa tuairisc ar na táirgí. Chun críocha na hIarscríbhinne seo, is leis na cóid AC, de réir mar atá siad an 1 Deireadh Fómhair 2017, atá raon feidhme na scéime fabhraí le cinneadh.

I gcás ina dtagann 'ex' roimh an gcód AC, tá cur i bhfeidhm na socruithe fabhracha le cinneadh ar bhonn an chóid AC agus na tuairisce atá ar an táirge.

| Táirge | Rangú taraife | Méid an chuóta bhliantúil |
|---|---|---|
| Gnáthchruithneacht, speilt agus maislín seachas síolta | 1001 99 00 | 65 000 tonna/bliain |
| Gnáthphlúr cruithneachta agus plúr speilte | 1101 00 15 | |

| Táirge | Rangú taraife | Méid an chuóta bhliantúil |
|---|---|---|
| Plúr mhaislín | 1101 00 90 | |
| Plúr gráin seachas cruithneacht, maislín, seagal, arbhar Indiach, eorna, coirce, rís | 1102 90 90 | |
| Piocuaran agus mín gnáthchruithneachta agus speilte | 1103 11 90 | |
| Milíní cruithneachta | 1103 20 60 | |
| Arbhar Indiach seachas síolta | 1005 90 00 | 625 000 tonna/bliain |
| Plúr arbhair Indiaigh | 1102 20 | |
| Piocuaran agus mín arbhair Indiaigh | 1103 13 | |
| Millíní arbhair Indiaigh | 1103 20 40 | |
| Gráinní oibrithe arbhair Indiaigh | 1104 23 | |
| Eorna, seachas síolta | 1003 90 00 | 325 000 tonna/bliain” |
| Plúr eorna | 1102 90 10 | |
| Millíní eorna | ex 1103 20 25 | |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA